



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre Éisteacht ó Bhéal ABP-311545-21

Cás	Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Uisce Éireann (Píblíne Aistrithe Mhá Nuad) 2021
Dáta	Dé Luain 24 Eanáir, 2022
Am Tosaithe	10.00 ar maidin
Suíomh	Go fíorúil ar Microsoft Teams

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a sholáthar do gach páirtí, ar mian leo, tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas na cinn scríofa atá déanta cheana féin, agus deis a thabhairt don Chigire soiléiriú a dhéanamh ar aon ábhar pleanála nó aighneacht a fuarthas. Beidh deis ag na páirtithe ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht.

Níl dualgas dá laghad ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal ná ceisteanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an Cigire agus an Bord machnamh ar gach aighneacht scríofa a fuarthas cheana féin. Dá bhrí sin ní gá athrá a dhéanamh ag an éisteacht ar aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn cheana.

Iarrtar ar gach páirtí a bheith aireach ar chineál an iarratais seo agus a chinntiú go mbaineann cur i láthair nó ceisteanna le cineál an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh seo.

Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról ná dlínse ag an mBord sa chinneadh ná i measúnú an chúitimh agus ba chóir go gcuirfí é sin san áireamh in aon aighneacht

chuig an éisteacht de bhrí nach gcuirfear am ar fáil d'aon phlé mar gheall ar chúiteamh.

Féadfaidh an Bord ordú a dhéanamh go n-íocfaí ranníocaíocht i leith chostais aon duine a thagann go dtí an éisteacht ó bhéal, a thabhaigh an duine sin as bheith i láthair ag an éisteacht. Faoi lánrogha an Bhoird a dhéanfar aon íocaíocht. Ba chóir aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord laistigh de thrí seachtain ó dháta na héisteachta seo.

I gcás ina mbeartaíonn tú áiseanna amhairc (léirithe, léarscáileanna, grianghraif srl.) a úsáid agus tú ag labhairt, ba chóir iad sin a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach don Bhord trí lá ar a laghad roimh bheith páirteach san éisteacht (agus coimeádfar iad ar an gcáschomhad tar éis na héisteachta).

Déanfaidh soláthraí atá fostaithe ag an mBord Pleanála na haighneachtaí a chuirfear i láthair na héisteachta ó bhéal seo a thaifeadadh. Ní ceadmhach duit na himeachtaí ag éisteacht ó bhéal a thaifeadadh.

Tá clár oibre agus ord láithris na héisteachta ó bhéal leagtha amach thíos, mar aon le clár ama. Ba cheart do rannpháirtithe a chur san áireamh gur clár ama táscach amháin é seo, agus gur féidir go n-athrófar é i gcúrsa na héisteachta ó bhéal.

Eiseoidh An Bord Pleanála 'comh-iarraidh cruinnithe' chuig an imeacht fíorúil seo ar Microsoft Teams roimh dháta na héisteachta ó bhéal.

Clár Oibre

Am (táscach)	Topaic
10:00	Ráiteas Oscailte an Chigire
10:10	Aighneacht ó Uisce Éireann: (i) Foramharc gairid ar an OCÉ agus ar an bhforbairt a d'éascódh an OCÉ.

Am (táscach)	Topaic
	<p>(ii) Cosaint do cheannacht na talún le tagairt dá nádúr agus dá fhairsinge agus do na roghanna eile a breithníodh, agus</p> <p>(iii) Freagraí ar uiríll scríofa an Agóideora.</p>
11:00	Sos (20 nóim)
11:20	Aighneacht ón Agóideoir John Fitzgerald Tuthiill - Cur i láthair an cháis, ag míniú na n-aighneachtaí scríofa.
12:00	<p>Ceistiú idir na páirtithe (más gá)</p> <p>(iv) An tAgóideoir agus Uisce Éireann,</p> <p>(v) Uisce Éireann agus an tAgóideoir, agus</p> <p>(vi) An Cigire agus Uisce Éireann agus/nó an tAgóideoir.</p>
12:45	<p>Ráitis deiridh (más cúí):</p> <p>(i) An tAgóideoir</p> <p>(ii) Uisce Éireann</p> <p>(5 nóiméad ar a mhéad do gach páirtí agus níor chóir aon cheist nua a tharraingt anuas)</p> <p>Dúnadh na héisteachta ó bhéal - An Cigire</p>

Nótaí:

- Gheofar cóip de na rialacha le bheith rannpháirteach san éisteacht ó bhéal ar ár láithreán gréasáin ag www.pleanala.ie